CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

Preasráiteas

Lucsamburg, 10 Bealtaine 2022

Ag rí na héille: Dícheall na hEorpa le bheith ar an táirgeoir is mó ceallraí ar domhan á scrúdú ag iniúchóirí an Aontais Eorpaigh

Tá iniúchadh á sheoladh ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa chun a fháil amach an raibh an Coimisiún Eorpach éifeachtach ó thaobh slabhra luacha le haghaidh ceallraí san Aontas a fhorbairt a bheadh iomaíoch agus inbhuanaithe ar an leibhéal domhanda agus an ndearna na tionscadail a dtacaítear leo sna Ballstáit an leas is mó is féidir a bhaint as an tionchar a bheadh ag maoiniú ón Aontas Eorpach. Socraíodh an t-iniúchadh seo a dhéanamh i gcomhthéacs an mhéadaithe thapa a meastar a bheidh ar tháirgeadh ceallraí san Eoraip faoi 2025 agus go mbeidh an tAontas Eorpach ar an dara tairgeoir ceallraí is mó i ndiaidh na Síne. Ní hamháin go n-éascóidh an méadú ar tháirgeadh ceallraí in AE aistriú chuig fuinneamh glan an Aontais, ach beidh sé tábhachtach freisin maidir le hiomaíochas do thionscal na ngluaisteán san Eoraip agus maidir le spleáchas na hEorpa ar sholáthróirí ceallraí eachtracha a laghdú; sin atá le rá ag na hiniúchóirí sa réamhléiriú a eisíodh inniu. Beidh cúram iontach tábhachtach le comhlíonadh ag an Aontas ó thaobh amhábhair nua a fháil.

"*Tá ceallraí fíorthábhachtach do ról na hEorpa mar phríomhghníomhaí tionsclaíoch agus mar cheannaire san aistriú chuig fuinneamh glan, chomh maith lena neamhspleáchas straitéiseach,*" a dúirt Annemie Turtleboom, an Comhalta den Chúirt Iniúchóirí a bheidh i gceannas ar an iniúchadh. "*Déanfaimid measúnú féachaint an bhfuil gníomhaíocht an Aontais ag cur borradh faoi tháirgeadh ceallraí chun cinn san Eoraip agus ag cur le slabhra luacha iomaíoch agus inbhuanaithe.*"

Chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, tá forbairt agus táirgeadh ceallraí inbhuanaithe luaite ag an gCoimisiún mar riachtanas straitéiseach don Eoraip agus chuir sé maoiniú suntasach ar fáil don seo le blianta beaga anuas agus is dócha go leanfaidh sé ar aghaidh leis sin amach anseo. Faoi 2025, meastar go dtiocfaidh méadú beagnach faoina dheich ar tháirgeadh ceallraí san Eoraip i gcomparáid le 2020, is é sin ó 44 GWH (6 % den acmhainneacht domhanda) go 400 GWH. Bheadh 800,000 post i gceist leis sin agus ghinfeadh sé thart ar €250 billiún in aghaidh na bliana ó thaobh gníomhaíochtaí eacnamaíocha de. Chun an fás tapa sin a choinneáil, arb é is cúis leis go príomha ná éileamh méadaithe ar fheithiclí leictreacha, beidh ar an Aontas rochtain sheasmhach ar amhábhair a chinntiú. Ní tháirgtear ábhair chriticiúla amhail litiam, cóbailt agus nicil san Aontas Eorpach i gcainníochtaí leordhóthanacha chun an t-ualach a bhfuiltear ag súil leis amach anseo a

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na réamhléirithe iniúchóireachta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa atá ar fáil ar eca.europa.eu, a chur in iúl.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

chumhdach. Is baolach go mbeidh ganntanais ann amach anseo freisin, rud atá á dhéanamh níos measa fós mar gheall ar an gcogadh san Úcráin, agus beidh drochthionchar aige sin ar tháirgeadh ceallraí san Aontas agus ar neamhspleáchas straitéiseach an tionscail sin.

Rinne an Coimisiún iarracht aghaidh a thabhairt ar rioscaí den sórt sin trí dhíriú ar fhoinsiú inbhuanaithe, ar sholáthar a éagsúlú agus ar shlabhraí luacha athléimneacha. Léirítear i measatacháin tosaigh gur chuir buiséad an Aontais €1.25 billiún ar a laghad de dheontais ar fáil do thionscadail a bhaineann le ceallraí idir 2014 agus 2020, agus €500 milliún breise mar ráthaíochtaí iasachta. Chuir clár suaithinseach an Aontais um thaighde agus nuálaíocht, Fís Eorpach, €925 milliún ar leataobh sa réimse seo do thréimhse 2021-2027 agus is cuid de phleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta freisin iad na garspriocanna agus na spriocanna a bhaineann le ceallraí.
Déanfaidh na hiniúchóirí scrúdú ar straitéis agus cuspóirí an Choimisiúin don slabhra luacha i dtáirgeadh ceallraí, agus déanfaidh siad cros-seiceáil ar a gcomhsheasmhacht le straitéisí eile an Aontais maidir le haeráidneodracht agus soghluaisteacht inbhuanaithe. Scrúdóidh siad freisin ar roghnaigh an Coimisiún uirlisí leormhaithe agus éifeachtacha chun idirghabháil a dhéanamh san earnáil atá faoi stiúir an tionscail den chuid is mó, conas a ndearna sé maoiniú ón Aontas a leithdháileadh ar an earnáil idir 2014 agus 2020 agus cad iad na torthaí atá bainte amach go dtí seo. Ina theannta sin, tabharfaidh siad cuairt ar an nGearmáin, ar an Spáinn, ar an bhFrainc, ar an bPolainn, ar an tSualainn (tíortha ina bhfuil tionscadail a bhaineann le ceallraí agus a fhaigheann an méid is mó maoinithe ón Aontas á gcur chun feidhme) agus ar an bPortaingéil (an tír a bhfuil na cúltaiscí litiam is mó san Eoraip aici).

Faisnéis chúlra

In 2018, ní raibh ach thart ar 3 % den acmhainneacht táirgeachta domhanda do cheallraí ian litiam – an teicneolaíocht is déanaí faoi láthair i bhfeithiclí leictreonacha – lonnaithe san Aontas. Mar chomparáid, bhí thart ar 66 % lonnaithe sa tSín agus 20 % sa Chóiré Theas, sa tSeapáin agus i dtíortha eile san Áise. Tá céimeanna éagsúla sa slabhra luacha le haghaidh ceallraí: ó eastóscadh agus próiseáil amhábhar go monarú agus cóimeáil na gceall féin agus athchúrsáil nó athearraíocht ceallraí. In 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún Plean Gníomhaíochta Straitéiseach ar Cheallraí inar leagadh amach bearta chun tacú le slabhra luacha ceallraí a thógáil san Eoraip. In 2020, mhol sé go gcuirfí Rialachán, atá á ghlacadh faoi láthair ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle, in ionad Threoir an Aontais maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola ó 2006 – an t-aon reachtaíocht Eorpach atá tiomanta go hiomlán don ábhar seo i gcónaí.

Tá Réamhléiriú iniúchóireachta 02/2022: "A bheith ar an dara táirgeoir ceallraí is mó ar domhan" ar fáil i mBéarla ar an suíomh gréasáin ECA website. Tá réamhléirithe iniúchóireachta bunaithe ar obair ullmhúcháin a dhéantar sula gcuirtear tús leis an iniúchóireacht féin. Níor cheart iad a mheas mar bharúlacha, conclúidí ná moltaí iniúchóireachta. Meastar go bhfoilseofar an tuarascáil i gceann bliana nó mar sin.

Teagmháil phreasa

Preasoifig Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: press@eca.europa.eu
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 691 551 502